# Polasaí Iontrála Ghaelscoil Lios na nÓg

## Réamhrá

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh Bord Bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an 09/06/2020. Tá sé foilsithe ar shuíomh idirlín na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Ghaelscoil Lios na nÓg leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh idirlín na scoile seachtain amháin, ar a laghad, roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh idirlín na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.

Beidh tús áite ag an leagan Gaeilge den pholasaí seo i gcás neamhréitigh.

## 1. Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile

Is Gaelscoil de chuid An Foras Pátrúnachta í Gaelscoil Lios na nÓg. Is scoil chomhoideachasúil í a bhí bunaithe i 1996 agus cuirtear béim lárnach ar oideachas iomlán a thabhairt don pháiste. Tá éiteas caitliceach aici.

Is príomhchuspóir na scoile í an Ghaeilge agus an cultúr gaelach a chothú agus a fhás. Is trí mheán na Gaeilge a mhúintear gach ábhar seachas Béarla agus is í an Ghaeilge teanga na scoile. Spreagann an scoil na páistí le páirt a ghlacadh i ngach gné dár gcultúr Gaelach - an teanga, cluichí, ceol, rince agus traidisiúin.

Cuireann an scoil fáilte roimh pháistí, beag beann ar a gcúlra, creidimh nó riachtanais speisialta. Tá sé mar chuid d'ár bhfealsúnacht fáilte a chur roimh chultúir eile agus idirchultúrachas a spreagadh.

Tacaíonn an scoil leis na prionsabail seo a leanas:

a) Ceart na dtuismitheoirí scoil a roghnú.
b) Comhdheiseanna a thabhairt do gach páiste a bheith páirteach i ngach gné de shaol na scoile.
c) Cuimsitheacht do pháistí a bhfuil míchumais ag dul dóibh, nó a bhfuil riachtanais speisialta nó deacrachtaí foghlama acu go háirithe.

Braitheann an Bord Bainistíochta ar cibé deontais agus acmhainní a chuirtear ar fáil le polasaithe na scoile a chur i gcrích.

Curaclam páiste-lárnach a thugann aitheantas d'fhiúntas agus d'uathúlacht an pháiste atá i bhfeidhm agus a spreagann gach páiste chun iomlán a chumais a shroicheadh agus é/í féin a réiteach don todhchaí.

Déanann an scoil a dícheall timpeallacht shuaimhneach sábháilte a chruthú ina ndéanfar gach gné d'fhorbairt an páiste, idir fhorbairt intleachtúil, fhisiciúil, chultúrtha, mhorálta, spioradálta, shóisialta agus mhothaíoch, a chur chun cinn. Cuirtear luachanna na Críostaíochta chun cinn i saol na scoile.

Is cuid lárnach d'fhealsúnacht na scoile tacaíocht agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus is gné thábhachtach de shaol na scoile iad.

## 2. Ráiteas maidir le hIontráil

Ní dhéanfaidh Gaelscoil Lios na nÓg idirdhealú maidir le páiste a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

a) inscne an pháiste nó an iarrthóra
b) stádas sibhialta an pháiste nó an iarrthóra
c) stádas teaghlaigh an pháiste nó an iarrthóra
d) gnéaschlaonadh an pháiste nó an iarrthóra
e) reiligiún an pháiste nó an iarrthóra
f) bunús mhíchumais an pháiste nó an iarrthóra i
g) cine an pháiste nó an iarrthóra

h) páiste nó iarrthóir ó phobal an lucht siúil nó
i) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an bpáiste nó ag an iarrthóir

De réir Ailt 61(3) den Acht Oideachas 1998 (Athbhreithnithe), forléireofar 'foras stádais shibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir Ailt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

## 3. Na catagóirí de Riachtanais Speisialta Oideachais a ndéantar freastal orthu sa scoil

Scoil príomhshrutha í Gaelscoil Lios na nÓg, gan rang speisialta.

Fáiltíonn Gaelscoil Lios na nÓg roimh iarratais ó thuismitheoirí/chaomhnóirí páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bainfidh Gaelscoil Lios na nÓg úsáid as na hacmhainní (airgeadais agus pearsanra) a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna chun soláthar agus freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaltaí atá faoi mhí-chumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus cinnteoidh Gaelscoil Lios na nÓg go mbeidh na páistí seo saor chun páirt a ghlacadh i saol na scoile chomh fada agus is féidir go réasúnta agus go praiticiúil é.

## 4. Páistí a ligean isteach

Ligfidh an scoil seo isteach gach páiste atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas:

a) i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach Alt 5 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)
b) i gcás go dteipeann ar thuismitheoir páiste, nuair a lorgaíonn an Príomhoide é de réir Ailt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil Cód Iompair na scoile inghlactha dó/di agus go ndéanfaidh sé/sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an páiste an cód sin

## 5. Ró-éileamh

**Riachtanas Iontrála:** Ní mór do pháiste breithlá 4 bliana d'aois a bheith acu faoin **1ú Meitheamh** den bhliain a bheadh sé i gceist acu tosú ar scoil. Cuirfidh aon iarratas do pháiste a bheidh breithlá 4 bliana d'aois acu idir an **1ú Meitheamh** agus an chéad lá scoile ar an liosta feithimh i

gcás ró-éilimh agus d'fhéadfaí áit a thairiscint dá mbeadh áit scoile ar fáil tar éis do na critéir a bheith curtha i bhfeidhm.

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm **san ord ina bhfuil siad thíos** agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici:

1) Deartháireacha, deirfiúracha, leath-shiblíní, páistí altramaigh nó uchtaithe le páistí reatha na scoile.
2) Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh sé/í leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í.*
3) Páistí a bhfuil deartháir, deirfiúr, leath-shiblín, siblín altramaigh nó uchtaithe acu a d'fhreastail ar an scoil cheana féin.
4) De réir aoise; an páiste is sine ar dtús.

*Beidh an dualgas iomlán ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a chur ar fáil chun leibhéal líofachta sa Ghaeilge a léiriú don mBord.

Sa chás go bhfuil beirt pháiste nó níos mó ar chomhchéim le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí critéir roghnúcháin thuas (agus líon na n-iarrthóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha), beidh feidhm ag na socruithe a leanas:

a) Tá sé de cheart ag Bord na scoile uaslíon na bpáistí in aon rang ar leith a leagadh amach. Is é an t-uaslíon páistí a cheadófar sna Naíonáin Bheaga ná 30.
b) Má tá beirt pháiste nó níos ar aon chéim faoi chritéar 1/2/3, socrófar tús áite de réir an chéad chritéar eile ar an liosta. Má tá critéar 4 i gceist, cuirfear san áireamh an t-am ar rugadh an leanbh atá ar fáil ar an teastas breithe.

## 6. An méid nach mbreithneofar ná nach gcuirfear san áireamh

De réir Ailt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998 (Athbhreithnithe), ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratais ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn páiste á c(h)ur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil:

a) freastal roimh ré ag páiste ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí'
b) íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear é) leis an scoil;
c) cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an pháiste; seachas i ndáil le:

- ligean isteach i scoil lán-Ghaeilge, de réir fhorálacha Alt 62(9) den Acht

d) gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí dalta;
e) ceanglas go bhfreastalóidh páiste nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;
f) ceangal páiste leis an scoil de bhua duine dá t(h)eaghlach ag freastal ar an scoil nó a d'fhreastail ar an scoil roimhe sin; seachas go bhfuil sé i gceist ag an scoil:
   - critéir roghnúcháin a chur san áireamh bunaithe ar dheartháireacha nó deirfiúracha páiste atá ag freastal ar an scoil faoi láthair nó a d'fhreastail ar an scoil roimhe seo.
g) an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála

Tá sé seo faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil.

Tá sé seo faoi réir freisin ag tairiscintí a bheith tugtha ag an scoil go foirmiúil i scríbhinn cheana féin, bunaithe ar liostaí feithimh reatha (suas go dtí an 31ú Eanáir 2025 amháin).

## 7. Cinntí ar iarratais

Beidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Gaelscoil Lios na nÓg bunaithe ar na nithe a leanas:

a) Polasaí Iontrála na scoile;
b) An fhaisnéis a chuir an t-iarrthóir ar fáil i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe.

(Féach Alt 13 thíos maidir le hiarratais a fuarthas lasmuigh den tréimhse iontrála agus Alt 14 thíos maidir le hiarratais ar áiteanna i ranganna seachas an grúpa ligthe isteach.)

Ní úsáidfear critéir roghnúcháin nach n-áirítear inár bpolasaí iontrála scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit inár scoil.

## 8. Cinntí a chur in iúl d'iarrthóirí

Cuirfear iarrthóirí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den amlíne atá leagtha amach san fhógra bliantúil iontrála.

Mura dtairgtear áit do dhalta inár scoil, cuirfear na cúiseanna náhr tairgeadh áit dó/di ar fáil i scríbhinn don iarrthóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an pháiste i gcoinne na gcritéar roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an páiste ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.

Cuirfear iarrthóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach Alt 16 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).

## 9. Glacadh le tairiscint áite ag iarrthóir

Agus tairiscint iontrála á glacadh agat ó Ghaelscoil Lios na nÓg, ní mór duit an méid a leanas a léiriú:

a) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin.
b) cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar.

## 10. Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh ina leith nó gur féidir a tharraingt s

Ní féidir le Gaelscoil Lios na nÓg tairiscint iontrála a dhéanamh agus is féidir taisiscint a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

a) déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach;
b) teipeann ar iarrthóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach;
c) má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a lorgaíonn an Príomhoide é de réir Ailt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil Cód Iompair na scoile inghlactha dó/di agus go ndéanfaidh sé/sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an páiste an cód sin; nó
d) teipeann ar iarrthóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in Alt 9 thuas.

## 11. Sonraí a roinnt le scoileanna eile

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachas (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.

Tá ceadaithe de réir Ailt 66 (6) do scoil liosta de na daltaí a sholáthar do phátrún nó do Bhord Bainistíochta eile:

a) go bhfuarthas iarratas ar ligean isteach sa scoil;
b) go ndearnadh tairiscint ar áit sa scoil; nó
c) gur glacadh le tairiscint ar áit scoile.

Féadfaidh aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a bheith ar an liosta:

a) an dáta a fuair an scoil iarratas ar áit scoile;
b) an dáta a rinne an scoil tairiscint ar áit scoile;
c) an dáta ar ghlac iarrthóir le tairiscint ar áit scoile;
d) sonraí pearsanta dalta(í) lena n-áirítear ainm, seoladh, dáta breithe agus

## 12. Liosta feithimh i gcás ró-éilimh

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta feithimh de dhaltaí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Gaelscoil Lios na nÓg mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

Tá socrúchán ar liosta feithimh Ghaelscoil Lios na nÓg san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo. Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta.

Déanfar an liosta forlíontach feithimh a chruthú má fhaightear iarratais tar éis an dáta deiridh a leagtar amach san Fhógra Iontrála Bliantúil. Cuirfear na hiarratais in ord de réir na gcritéar roghnúcháin sa pholasaí iontrála seo. Beidh an chéad liosta feithimh glanta sula ndéanfar áiteanna a thairiscint d'iarrthóirí ar an liosta forlíontach seo.

## 13. Iarratais dhéanacha

Déanfaidh áit a thairisicint má tá áit ar fáil sa scoil.

Má tá ró-éileamh ar áiteanna sa scoil tar éis an phríomhphróisis iontrála, líonfar aon áit scoile a thagann chun cinn ina dhiaidh sin ón liosta feithimh a chruthaítear as an bpróiseas sin.

Má fhaightear iarratais tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san Fhógra Iontrála Bliantúil déanfar liosta forlíontach feithimh a chruthú. Beidh an príomhliosta feithimh glanta sula ndéanfar áiteanna a thairiscint d'iarrthóirí ar an liosta forlíontach seo. Nuair a thagann spás chun cinn sa scoil, déanfar na hiarratais ar an liosta forlíontach feithimh a mheas de réir na gcritéar roghnúcháin sa pholasaí iontrála seo ar an lá a thagann an áit scoile sin chun cinn de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.

## 14. Nósanna imeachta maidir le páiste a ligean isteach i ranganna eile agus le linn na scoilbhliana

Seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le páistí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna seachas grúpa iontrála na scoile **ag tús na scoilbhliana**:

a) Is gá do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar áit in aon rang seachas Naíonáin Bheaga litir iarratais chuige sin a scríobh chuig Cathaoirleach an Bhoird. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile agus is faoin mBord amháin atá an cinneadh seo.

b) Naíonáin Mhóra agus Rang 1

Tabharfar áit má tá áit ar fáil sna ranganna seo. Sa chás go sáraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil sa rang ábhartha, cuirfidh an scoil na critéir roghnúcháin atá leagtha amach in Alt 5 den bheartas seo i bhfeidhm ar na hiarratais sin. Sa chás nach bhfuil aon áit ar fáil, cuirfear ainm an pháiste ar an liosta feithimh de réir Ailt 12 den bheartas seo.

c) Rang 2 go Rang 6

Tabharfar áit do pháistí i Rang 2 – Rang 6 má tá spás sa rang agus má chinneann an Príomhoide/Bord Bainistíochta go bhfuil cumas Gaeilge an pháiste ar leibhéal a ligfeadh dó/di feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeadh ar dhaltaí eile iompú ar an mBéarla chun cumarsáid a dhéanamh. Beidh ar an dtuismitheoir/gcaomhnóir fianaise den

chaighdeán seo a chur ar fáil. Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deiridh sna cásanna seo.

Is iad a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le páistí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin, **le linn na scoilbhliana** ina lorgaítear an cead isteach:

a) Is gá do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar áit in aon rang seachas Naíonáin Bheaga litir iarratais chuige sin a scríobh chuig Cathaoirleach an Bhoird. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile agus is faoin mBord amháin atá an cinneadh seo.

b) Naíonáin Mhóra agus Rang 1
Tabharfar áit má tá áit ar fáil sna ranganna seo. Sa chás go sáraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil sa rang ábhartha, cuirfidh an scoil na critéir roghnúcháin atá leagtha amach in Alt 5 den bheartas seo i bhfeidhm ar na hiarratais sin. Sa chás nach bhfuil aon áit ar fáil, cuirfear ainm an pháiste ar an liosta feithimh de réir Ailt 12 den bheartas seo.

c) Rang 2 go Rang 6
Tabharfar áit do pháistí i Rang 2 – Rang 6 má tá spás sa rang agus má chinneann an Príomhoide/Bord Bainistíochta go bhfuil cumas Gaeilge an pháiste ar leibhéal a ligfeadh don pháiste feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeadh ar dhaltaí eile iompú ar an mBéarla chun cumarsáid a dhéanamh. Beidh ar an dtuismitheoir/gcaomhnóir fianaise den chaighdeán seo a chur ar fáil. Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deiridh sna cásanna seo.

## 15. Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh

Ní ghearrfaidh Bord Ghaelscoil Lios na nÓg ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann táillí ar íocaíocht nó ní lorgeoidh sé/sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de-

a) iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil, nó
b) iontráil nó clárú leanúnach páiste sa scoil.

## 16. An ceart chun athbhreithnithe/achomhairc

Athbhreithniú ar chinntí an Bhoird Bhainistíochta

Féadfaidh tuismitheoir páiste iarraidh ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Ailt 29C den Acht Oideachais 1998 (Athbhreithnithe).

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbhreithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbhreithnithe den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi Alt 29B den Acht Oideachais 1998 (Athbhreithnithe) atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Déanfaidh an Bord athbhreithnithe den gcineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhar le Alt 29C den Acht Oideachais 1998 (Athbhreithnithe).

**Tabhair faoi deara:** Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarrthóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarrthóir iarraidh ar an mBord Bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarrthóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **féadfaidh** an t-iarrthóir iarraidh ar an mBord Bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 (Athbhreithnithe).

Ceart achomhairc

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir páiste achomharc a dhéanamh ar seo áit sa scoil a dhiúltú.

a) Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'i iarrthóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.
b) Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(ii) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'i iarrthóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarrthóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarrthóir iarraidh ar an mBord Bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998. (Féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarrthóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **féadfaidh** an t-iarrthóir iarraidh ar an mBord Bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a

dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998. (Féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den chineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den chineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi Alt 29B den Acht Oideachais 1998 (Athbhreithnithe) atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

# Gaelscoil Lios na nÓg Enrolment Policy

## Introduction

This Enrolment Policy fulfils the requirements of the Education Act 1998, the Education (Admission to Schools) Act 2018 and the Equal Status Act 2000. This policy was drafted by the Board of Management in consultation with the school staff, patron and parents.

The school patron approved the policy on 09/06/2020. It is published on the school website and a hard copy will be provided for anyone who requests it.

The relevant dates and timelines concerning annual enrolment to the school are laid out in a notice which is published on the school website, at least one week before the start of the enrolment process for that year.

The Enrolment Form is published on the school website and a hard copy will be made available to anyone who requests it.

The Irish language version will take precedence in the case of any disagreement.

## 1. Spirit and general objectives of the school

Gaelscoil Lios na nÓg is under the patronage of An Foras Pátrúnachta. It is a co-educational school, founded in 1996 and a central emphasis is placed on providing a complete education to the child. The school has a Catholic ethos.

The school's main objective is to foster and grow the Irish language and Irish culture. All subjects, apart from English, are taught through Irish and Irish is the language of the school. Children are encouraged to take part in all aspects of Irish culture – the language, games, music, dance and tradition.

The school welcomes children regardless of background, belief or special needs. It is part of our philosophy to welcome other cultures and to inspire interculturalism.
The school supports the following principles:

a) The right of parents to choose a school.
b) Equal opportunity for each child to participate in all aspects of school life.
c) Inclusivity for children with a disability, special needs or learning difficulties especially.

The Board of Management relies on whatever grants and resources are made available to put the school policies into practice.

The curriculum is a child-centred curriculum one, which recognises the value and uniqueness of each child and which encourages each child to achieve his/her full potential and to prepare him/herself for the future.

The school does it utmost to create a peaceful, safe atmosphere in which every aspect of the child's development; intellectual, physical, cultural, moral, spiritual, social and emotional, is promoted. Christian values are also promoted in the school.

The support and participation of parents is central to school philosophy and they are an important aspect of the life of the school.

## 2. Statement regarding enrolment

Gaelscoil Lios na nÓg will not make any distinction regarding enrolment on the basis of any of the following:

a) gender of the child or applicant
b) civil status of the child or applicant
c) family status of the child or applicant
d) sexual orientation of the child or applicant
e) religion of the child or applicant
f) disability of the child or applicant
g) race of the child or applicant
h) child or applicant being from the travelling community
i) the child or applicant having special educational needs

According to Section 61(3) of the Education Act 1998 (Revised), 'basis of civil status', 'basis of disability', 'exclusion', 'basis of family status', 'basis of gender', 'basis of race', 'basis of religion',

basis of sexual orientation' and basis of being a member of the Travelling community' will be interpreted according to Section 3 of the Equal Status Act 2000.

## 3. The categories of Special Educational Needs that will be facilitated in the school

Gaelscoil Lios na nÓg is a mainstream school, without a specific class for children with special educational needs.

Gaelscoil Lios na nÓg welcomes applications from parents/guardians of children with special educational needs and the school will use the resources (financial and personnel) provided by the Department of Education and Skills to make reasonable provision for children with a disability or special educational needs. Gaelscoil Lios na nÓg will ensure that these children can participate in the life of the school as much as is reasonably and practically possible.

## 4. Admitting chlildren

The school will admit all children who apply, except in the following cases:

a) where there is excess demand for places (see Section 5 below for more details)
b) where the child's parent fails to affirm in writing, when requested by the Principal under Section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, that they accept the school's Code of Behaviour and that they will make every reasonable effort to ensure that the child will fulfil that code.

## 5. Excess demand

**Entry requirements**: A child must be 4 years old by **1st June** of the year they intend to start school. Any child whose 4th birthday falls between **1st June** and the first day of school will be put on the main waiting list in case of excess demand and they may be offered a place if one is available and after the criteria are applied.

In the case of excess demand for places, the school will use the following selection criteria, in the

order they are written below:

1) Siblings, half-siblings, children fostered or adopted by families of children currently in the school.
2) Children who the school has ensured have acquired a fluency in Irish and where it is likely that fluency will regress if they are not admitted to a Gaelscoil.*
3) Siblings, half-siblings, children fostered or adopted by families of children who attended the school in the past.
4) According to age; the oldest child first.

*Complete responsibility for providing sufficient evidence of the level of fluency in Irish to the Board lies with the parents/guardians.

In the case of two or more children being on equal terms with regard to a place/places in any of the above-mentioned selection criteria categories (and the number of applicants greater than the number of places), the following arrangements will be in effect:

a) The Board has the right to prescribe the maximum number of children in any class. The maximum number in Junior Infants is 30.
b) If two or more children are on equal terms under criteria 1/2/3, preference will be given according to the first criteria on the list. If criteria 4 is in question, the date of birth of the child, as on the birth certificate, will be taken into consideration.

## 6. What will not be adjudged or taken into account

According to Section 62(7)(e) of the Education Act 1998 (Revised), the school will not adjudge or take into account any of the following when assessing enrolment applications or placing a child on a waiting list for entry to the school:

a) a child having previously attended a preschool or preschool service, including a naíonra;
b) payment of fees or contributions to the school (in any form),
c) ability, skill or academic capacity of the child; except in the matter of:
   - admittance into an all-Irish school, according to the provisions of Section 62(9) of the Act.
d) profession, financial status, academic ability, skills or abilities of the parents of the child;
e) a requirement that the child or their parents attend an interview, an opening day or any

other meeting as a condition of entry;

f) the child having a connection with the school by virtue of a member of his/her family attending the school or having previously attended the school; except as intended by the school:

   - as a selection criteria based on siblings of a child attending or having attended the school previously.

g) the date and time that the school received the enrolment application.

This is subject to the application having been received any time within the period specified for receipt of applications.

This is also subject to formal written offers being given by the school already, based on current waiting lists (only up until 31st January 2025).

## 7. Decisions on applications

The decisions regarding enrolment applications to Gaelscoil Lios na nÓg will all be based on the following:

a) The school's Enrolment Policy;
b) The information provided by the applicant on the official application form and having been received within the specified time.

(See Section 13 below regarding applications received outside of the enrolment period and Section 14 regarding applications for places in classes other than the admitted group.)

No selection criteria that are not included in our Enrolment Policy will be used to make decisions on applications for a place in our school.

## 8. Informing applicants of decisions

Applicants will be informed of the school's decision in writing.

If a child is not offered a place in our school, the reasons he/she was not offered a place will be provided to the applicant in writing, including, where possible, details regarding the child's ranking

in accordance with the selection criteria and details about the child's place on the waiting list for the school year in question.

Applicants will be informed of the right to seek a review/right of appeal with regard to the school's decision (see Section 16 below for further information).

## 9. Applicant accepting an offer

Upon accepting an offer from Gaelscoil Lios na nÓg, you should indicate the following:

a) whether or not you have accepted an offer from another school or schools. If you have accepted such an offer, you should also provide those details.
b) whether you are awaiting an offer from another school or schools or if you are awaiting confirmation. If so, you should provide details of the school(s).

## 10. Reasons why an offer cannot be made or can be retracted

Gaelscoil Lios na nÓg cannot make an offer or can retract an offer in the following cases:

a) it is determined that the information in the application is false or misleading;
b) an applicant fails to accept the enrolment offer on or before the specified date;
c) the parent of a child fails to confirm in writing, when requested by the Principal under Section 23(4) of the Education Act (Welfare) 2000, that he/she accepts the school's Code of Behaviour and that he/she will make all reasonable effort to ensure that the child will fulfil that code; or
d) the applicant fails to fulfil the requirements regarding accepting an offer, as laid out in Section 9 above.

## 11. Sharing details with other schools

Applicants should be aware that the sharing of details between schools, in order to expedite the effective enrolment of children, is allowed under Section 66(6) of the Education (Admission to

Schools) Act 2018.

It is permissible for a school, under Section 66(6), to provide a list of children to another patron or Board of Management:

a) where an application for admission to the school is received;
b) where an offer of a place in the school is made; or
c) when an offer of a place in the school is accepted.

One or all of the following may be on the list:

a) the date the school received the application for a place;
b) the date the school made an offer of a place;
c) the date the applicant accepted an offer of a place in the school;
d) personal details of the child(ren), including name, address, date of birth.

## 12. Waiting list in the case of excess demand

In the case of more applications being received for a particular school year than the number of available places, a waiting list will be compiled of the children whose applications were not successful because of excess demand. These applications will be valid for the school year in which they are seeking admission.

Placement on Gaelscoil Lios na nÓg's waiting list is based on the order of preference assigned to applications after the school has applied the selection criteria, according to this Enrolment Policy.

Offers for any remaining available places for the school year, and during which admission is sought, will be made to children on the waiting list according to the order of preference on the list.

A supplemental waiting list will be compiled if applications are received after the closing date. The applications will be placed in order according to the selection criteria in this Enrolment Policy. The first waiting list will be cleared before places are offered to applicants on this supplemental list.

## 13. Late applications

An offer will be made if there is a place available in the school.

If there is an excess demand for places in the school after the main enrolment process, any school place that subsequently becomes available will be filled from the waiting list created out of that process.

If applications are received after the closing date a supplemental waiting list will be compiled. The main waiting list will be cleared before an offer of a place is made to an applicant on this supplemental list. When a space becomes available in the school, the applications on the supplemental list will be assessed according to the selection criteria in this Enrolment Policy on the day the place becomes available, according to the Education (Admission to Schools) Act 2018 and any regulation made under that Act.

## 14. Procedures regarding admitting children in other classes and during the school year

These are the school's procedures regarding admitting children, that haven't already been admitted into the school, to classes other that the entry group **<u>at the start of the school year</u>**:

a) Parents/guardians who wish to apply for a place in any class other than Junior Infants must write a letter to that effect to the Chairperson of the Board. It is the Board who will make a decision regarding admitting a child in any other class and it is the Board's decision only.

b) Senior Infants and First Class
A place will be given if one is available in these classes. In the case of the number of applications exceeding the number of available places in the relevant class, the school will apply the selection criteria laid out in Section 5 of this policy. In the case of no available places, the child's name will be place on the waiting list according to Section 12 of this policy.

c) 2$^{nd}$ Class to 6$^{th}$ Class
A place will be given to children in 2$^{nd}$ Class to 6$^{th}$ Class if there is space and if the Principal/Board of Management decide that the child has a level of Irish that will allow him/her to function and learn in the class and that other children will not have to revert to English in order to communicate. The parent/guardian will have to provide proof of this

standard. It is the Bord who will have the final decision in these cases.

The following are the school's procedures regarding admitting children, who haven't already been admitted into the school, **<u>during the school year</u>** in which admission is sought:

a) Parents/guardians who wish to apply for a place in any class other than Junior Infants must write a letter to that effect to the Chairperson of the Board. It is the Board who will make a decision regarding admitting a child in any other class and it is the Board's decision only.

b) Senior Infants and First Class
A place will be given if one is available in these classes. In the case of the number of applications exceeding the number of available places in the relevant class, the school will apply the selection criteria laid out in Section 5 of this policy. In the case of no available places, the child's name will be place on the waiting list according to Section 12 of this policy.

c) 2nd Class to 6th Class
A place will be given to children in 2nd Class to 6th Class if there is space and if the Principal/Board of Management decide that the child has a level of Irish that will allow him/her to function and learn in the class and that other children will not have to revert to English in order to communicate. The parent/guardian will have to provide proof of this standard. It is the Board who will have the final decision in these cases.

## 15. Declaration regarding the non-charging of fees

The Board of Gaelscoil Lios na nÓg or anyone acting on its behalf will not charge fees or seek payment or contributions (in any form) as a condition of –

a) an application for admitting a child to the school, or
b) enrolment or continued registration of a child in the school.

## 16. The right to review/appeal

<u>Review of the Board of Management's decisions</u>

A child's parent can ask the Board to review its decision to refuse a place in the school. Applications of this kind should be made in accordance with Section 29C of the Education Act 1998 (Revised).

The timeline within which reviews of this kind must be sought, and the other requirements associated with reviews of this kind, are laid out in the procedures as decided by the Minister under Section 29B of the Education Act 1998 (Revised), which is published on the Department of Education and Skills website.

The Board will undertake reviews of this kind according to the procedures governed by Section 29B, in conjunction with 29C, of the Education Act 1998 (Revised).

**Please note**: In the event of a place being refused due to excess demand for places in the school, the applicant **should** ask the Board of Management to **review that decision before making an appeal** under Section 29 of the Education Act 1998.

In the event of a place being refused for reasons other than excess demand for places in the school, the applicant **may** ask the Board of Management **to review that decision before making an appeal** under Section 29 of the Education Act 1998.

Right of appeal

Under Section 29 of the Education Act 1998, the parent of a child can appeal the school's decision to refuse a place in the school.

a) An appeal can be made under Section 29 (1)(c)(i) of the Education Act in the case of the applicant being refused a place due to excess demand in the school.
b) An appeal can be made under Section 29 (1)(c)(ii) of the Education Act in the case of the applicant being refused a place for reasons other than excess demand in the school.

In the event of a place being refused due to excess demand for places in the school, the applicant **should** ask the Board of Management to **review that decision before making an appeal** under Section 29 of the Education Act 1998.

In the event of a place being refused for reasons other than excess demand for places in the school, the applicant **may** ask the Board of Management to **review that decision before making an appeal** under Section 29 of the Education Act 1998. (See Review of the Board of Management's decisions)

Reviews under Section 29 of the Education Act will be assessed and decided upon by an independent

appeals committee appointed by the Minister for Education and Skills.

The timeline within which appeals of this kind must be sought, and the other requirements associated with reviews of this kind, are laid out in the procedures decided upon by the Minister under Section 29B of the Education Act 1998 (Revised), which is published on the Department of Education and Skills website.